BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Chéad Dlísheomra)

4 Meitheamh 2026*

(Tarchur chun réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus thráchtála – Dlínse bhreithiúnach, aitheantas agus forghníomhú cinntí in ábhair shibhialta agus tráchtála – Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 – Airteagal 7(1) agus (2) – Dlínse Speisialta – Ábhair chonarthacha – Neamhghlacadh ag scairshealbhóir tromlaigh cuideachta dréachtchonradh chun na scaireanna atá ag scairshealbhóir mionlaigh na cuideachta sin a cheannach – Iarraidh ón scairshealbhóir mionlaigh sin ionadú a dhéanamh, le cinneadh cúirte, ar neamhghlacadh an scairshealbhóra tromlaigh sin – Airteagal 24(2) – Dlínse eisiach – Réamhiarraidh ón scairshealbhóir mionlaigh sin agóid a dhéanamh i gcoinne bailíocht réitigh de chruinniú ginearálta scairshealbhóirí na cuideachta sin arna fhormheas aistriú na scaireanna atá fágtha sa chuideachta sin chuig an scairshealbhóir tromlaigh)

I gCás C-791/24,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ón Najvyšší súd Slovenskej republiky (Cúirt Uachtarach Phoblacht na Slóvaice, an tSlóvaic), trí bhreith an 29 Deireadh Fómhair 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 13 Samhain 2024, sna himeachtaí

TERVE Production spol. s r. o.

v

Intesa Sanpaolo Holding International SA,

tugann AN CHÚIRT (an Chéad Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: F. Biltgen (Rapóirtéir), Uachtarán Dlísheomra, I. Ziemele, A. Kumin, S. Gervasoni agus M. Bošnjak, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: J. Richard de la Tour,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– TERVE Production spol. s r. o., ag R. Kvasnica, advokát,

* Teanga an cháis: an tSlóvaicis.

– Intesa Sanpaolo Holding International SA, ag R. Macko agus L. Raimanová, advokáti,

– an Coimisiún Eorpach, ag R. Lindenthal agus S. Noë, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 11 Nollaig 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 7(1) agus (2), agus Airteagal 24(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (IO 2012 L 351, lch. 1).

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir TERVE Production spol. s r. o. ('TERVE') agus Intesa Sanpaolo Holding International SA ('Intesa') maidir le hiarraidh ó TERVE chun ionadú a dhéanamh, le cinneadh breithiúnach, ar neamhghlacadh Intesa le dréachtchonradh ceannaithe scaireanna atá ag TERVE i scairchaipiteal VÚB a.s.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

3 Luaitear an méid seo a leanas in aithrisí 13, 15 agus 16 de Rialachán Uimh. 1215/2012:

'(13) Ní foláir go mbeadh nasc idir imeachtaí a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo agus críoch na mBallstát. Dá réir sin, ba cheart, i bprionsabal, go mbeadh feidhm ag comhrialacha maidir le dlínse sa chás go bhfuil sainchónaí ar an gcosantóir i mBallstát.

[...]

(15) Ba cheart na rialacha maidir le dlínse a bheith an-intuartha agus bunaithe ar an bprionsabal gur gnách gur ar shainchónaí an chosantóra a shuitear an dlínse. [...]

(16) Sa bhreis ar shainchónaí an chosantóra, ba cheart forais mhalartacha dlínse a bheith ann ar bhonn dlúthnaisc idir an chúirt agus an chaingean nó chun riaradh fónta an cheartais a éascú. Ba cheart go n-áiritheodh an dlúthnasc sin deimhneacht dhlíthiúil agus go seachnófaí leis an fhéidearthacht go ndéanfaí an dlí a agairt ar chosantóir in imeachtaí os comhair cúirte de chuid Ballstáit nach bhféadfadh súil réasúnach a bheith aige leis. [...]'

4 Foráiltear le hAirteagal 4(1) den Rialachán sin, atá i Roinn 1 de Chaibidil II, dar teideal 'Forálacha ginearálta':

'Faoi réir an Rialacháin seo, déanfar an dlí a agairt ar dhaoine a bhfuil sainchónaí orthu i mBallstát, is cuma cén náisiúntacht atá acu, i gcúirteanna an Bhallstáit sin.'

5 Foráiltear le hAirteagal 7(1) agus (2) den Rialachán sin, atá i Roinn 2 de Chaibidil II, dar teideal ‘Dlínse speisialta’:

‘Duine a bhfuil sainchónaí air i mBallstát amháin, féadfar an dlí a agairt air i mBallstát eile:

(1) (a) in ábhair a bhaineann le conradh, sna cúirteanna don áit ina gcomhlíontar an oibleagáid i dtrácht;[...]

(2) in ábhair a bhaineann le tort, míghníomh nó samhail mhíghnímh, sna cúirteanna don áit inar tharla an teagmhas díobhálach, nó ina bhféadfaidh sé tarlú.’

6 Foráiltear le hAirteagal 24(2) den Rialachán sin, atá i Roinn 6 de Chaibidil II, dar teideal ‘Dlínse eisiach’:

‘Beidh dlínse eisiach ag na cúirteanna seo a leanas de Bhallstáit, ar neamhchead do shainchónaí na bpáirtithe:

[...]

(2) in imeachtaí arb é is cuspóir dóibh bailíocht comhdhéanaimh, neamhniú nó díscaoileadh cuideachtaí nó daoine dlítheanacha eile nó comhlachas de dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, nó bailíocht cinntí a thug orgáin dá gcuid, cúirteanna an Bhallstáit ina bhfuil an suíomh ag an gcuideachta, ag an duine dlítheanach nó ag an gcomhlachas. Chun an suíomh sin a chinneadh, déanfaidh an chúirt a cuid rialacha maidir leis an dlí idirnáisiúnta príobháideach a chur chun feidhme.’

Dlí na Slóvaice

7 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 118i(1) de zákon č. 566/2001 Z. z. o cenných papieroch a investičných službách a o zmene a doplnení niektorých zákonov (zákon o cenných papieroch) v znení neskorších predisov (Dlí Uimh. 566/2001 maidir le hurrúis agus seirbhísí infheistíochta, lena leasaítear agus lena bhforlíontar dlíthe áirithe (an Dlí maidir le hurrúis)) arna leasú) (‘an Dlí maidir le hurrúis’) go bhfuil sé de cheart ag tionscnóir tairisceana táthcheangail (TT) (‘an tionscnóir’), nach raibh ina tairiscint pháirteach ná tairiscint choinníollach a iarraidh go n-aistreofaí scaireanna scairshealbhóirí eile uile na sprioc-chuideachta (‘na scairshealbhóirí eile’) chuige mar mhalairt ar chomaoin iomchuí (‘an ceart chun cúngaigh éigeantaigh’) má tá scaireanna arb ionann a luach ainmniúil iomlán agus 95 % ar a laghad de chaipiteal na cuideachta sin a bhfuil cearta vótála aige agus 95 % ar a laghad de na cearta vótála sa chuideachta sin aige. Feidhmeofar an ceart chun cúngaigh éigeantaigh faoi na coinníollacha céanna maidir le comharbaí dlíthiúla na scairshealbhóirí eile. Féadfaidh an tairgeoir an ceart sin a fheidhmiú tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dhul in éag thréimhse bhailíochta an TT dá dtagraítear sa chéad abairt den fhoráil sin. Ina éagmais sin, rachaidh an ceart sin in éag.

8 Faoi Airteagal 118i, mír 6 den Dlí maidir le hurrús, tá gá le vóta i bhfabhar 95 % ar a laghad de vótaí scairshealbhóirí uile na sprioc-chuideachta chun formheas a dhéanamh ar chinneadh chruinniú ginearálta na sprioc-chuideachta maidir le scaireanna na scairshealbhóirí eile a aistriú chuig an tionscnóir. Déantar miontuairiscí an chruinnithe ghinearálta a tharraingt suas i bhfoirm gníomhas nótaire. Cuirfidh bord stiúrthóirí na cuideachta sin iarratas ar iontráil sa chlár tráchtála isteach tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis ghlacadh chinneadh an chruinnithe ghinearálta sin. Ní mór

cinneadh ón Národná banka Slovenska (Banc Náisiúnta na Slóvaice) lena ndeonaítear réamhthoiliú d'fhonn an ceart chun cúngaigh a fheidhmiú agus deimhniú gur taisceadh na cistí atá beartaithe chun cúiteamh a íoc le scairshealbhóirí eile a áireamh san iarratas sin ar iontráil sa chlár tráchtála freisin. Le cinneadh an chruinnithe ghinearálta chéanna maidir le scaireanna na scairshealbhóirí eile a aistriú chuig an tionscnóir, meastar go bhfeidhmítear an ceart chun cúngaigh.

9 Faoi Airteagal 118i(8) den Dlí maidir le hurrúis, tar éis dhul in éag na tréimhse 30 lá ó iontráil chinneadh an chruinnithe ghinearálta sa chlár tráchtála, i gcomhréir le hAirteagal 118i(6) den Dlí sin, tá na scaireanna sa sprioc-chuideachta le haistriú ó na scairshealbhóirí eile chuig an tionscnóir. Is fíoras dlíthiúil é aistriú úinéireacht na scaireanna sin, de réir bhrí na chéad abairte d'Airteagal 118i(8) den Dlí sin, agus déantar é a iontráil, ar an dáta a dhéantar é, i gclár na n-urrús reachtúil ar bhonn ordú clárúcháin aistrithe arna thabhairt ag an sprioc-chuideachta don Centrálny depozitár cenných papierov (Taisclann Lárnach Urrús, an tSlóvaic), a bhainistíonn eisiúint na scaireanna sin i gcomhad an eisitheora. Tá cinneadh an chruinnithe ghinearálta dá dtagraítear in Airteagal 118i(6) den Dlí sin, réamhthoiliú ó Bhanc Náisiúnta na Slóvaice an ceart sin dá dtagraítear in Airteagal 118i(4) a fheidhmiú agus an sliocht as an gclár tráchtála a bhaineann leis an sprioc-chuideachta tar éis chlárú chinneadh an chruinnithe ghinearálta dá dtagraítear in Airteagal 118i(6) ag gabháil leis an treoir an t-aistriú sin a chlárú faoin gceart chun cúngaigh éigeantaigh.

10 Foráiltear le hAirteagal 118j den Dlí maidir le hurrúis do cheart chun na scaireanna atá fágtha a athcheannach agus rialaítear é mar a leanas:

'(1) Sna himthosca dá dtagraítear in Airteagal 118i(1), beidh sé de cheart ag scairshealbhóir a bhfuil scaireanna atá fágtha sa sprioc-chuideachta aige a cheangal ar an tionscnóir a scaireanna a cheannach uaidh ar chomaoin iomchuí.

(2) Féadfaidh an scairshealbhóir sin an ceart dá dtagraítear i mír 1 a fheidhmiú tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dhul in éag thréimhse bhailíochta na [TT]. Ina éagmais sin, rachaidh an ceart sin in éag. Feidhmíonn an scairshealbhóir sin an ceart sin trí dhréachtchonradh ceannaithe scaireanna a sheoladh. Sa dréacht sin, léireofar an méid seo a leanas go háirithe:
(a) an chomaoin chóir is gá in airgead tirim nó cúiteamh iomchuí in urrúis;
(b) an spriocdháta chun an dréachtchonradh a fhormheas;
(c) an spriocdháta agus an nós imeachta maidir le hurrúis a aistriú.

(3) Glacfaidh an tionscnóir leis an dréachtchonradh laistigh den sprioc-am a shonraítear sa dréachtchonradh sin nó, ina éagmais sin, laistigh de 10 lá oibre ón dréachtchonradh a fháil. Mura nglacfaidh sé leis an dréacht laistigh den tréimhse sin, féadfaidh an scairshealbhóir eile cinneadh cúirte a iarraidh chun ionadú a dhéanamh ar ghlacadh an dréachta céanna. Ní mór dó an ceart sin a fheidhmiú laistigh de 3 mhí ó dhul in éag an spriocdháta dá dtagraítear sa chéad abairt. Ina éagmais sin, rachaidh an ceart sin in éag.

(4) Féadfaidh an tionscnóir, i ndiaidh an dréachtchonradh a fháil, athbhreithniú breithiúnach a lorg ar oiriúnacht na comaoine a iarradh. Rachaidh an ceart sin in éag mura bhfeidhmeofar é laistigh de mhí amháin ón dréacht a fháil.

Murar cinneadh méid na comaoine le tuairim shaineolach, is ar an duine atá i dteideal atá an dualgas a chruthú gur comaoin chóir í an chomaoin a thairgtear.

(5) Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag forálacha Airteagal 118i.’

11 Faoi Airteagal 119(1) den Dlí maidir le hurrúis, má chinntear ag cruinniú ginearálta d’eisitheoir scaireanna liostaithe go bhfuil na scaireanna arna n-eisiúint ag an eisitheoir sin le díliostú, ceanglaítear ar an eisitheoir sin TT a fhógairt chun na scaireanna liostaithe go léir a cheannach ó na scairshealbhóirí sin nár vótáil i bhfabhar an rúin chun na scaireanna sin a dhíliostú ag an gcruinniú ginearálta nó nár ghlac páirt sa chruinniú ginearálta sin. Cuirfidh TT in iúl an chúis atá leis sin, is é sin le rá an rún ó chruinniú ginearálta na cuideachta chun na scaireanna a dhíliostú.

12 De bhun Airteagal 119(3) den Dlí maidir le hurrúis, meastar go gcomhlíontar an oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 119(1) má fhógraíonn duine seachas eisitheoir an TT éigeantach scaireanna uile na scairshealbhóirí nár vótáil, ag an gcruinniú ginearálta, i bhfabhar an chinnidh chun na scaireanna sin a dhíliostú.

13 Faoi Airteagal 119(6) den Dlí maidir le hurrúis, ní fhéadfar TT éigeantach a fhógairt de bhun Airteagal 119(1) agus Airteagal 170(3) den Dlí sin roimh fheidhmiú an chirt chun cúngaigh éigeantaigh, de réir bhrí Airteagal 118i den Dlí sin, ach amháin más duine é an tionscnóir dá dtagraítear in Airteagal 119(3) den Dlí sin agus nach tairiscint pháirteach ná tairiscint choinníollach í.

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

14 Bhí TERVE, cuideachta atá bunaithe sa tSlóvaic, agus Intesa, cuideachta atá bunaithe i Lucsamburg, ina scairshealbhóirí in VÚB, banc, cuideachta phoiblí theoranta atá corpraithe faoi dhlí na Slóvaice. Bhí scairsheilbh faighte ag Intesa in VÚB a thug rialú dó ar VÚB.

15 An 18 Nollaig 2020, ghlac cruinniú ginearálta VÚB rún lenar chinn sé go ndíliostófar na scaireanna arna n-eisiúint ag an gcuideachta sin.

16 Faoi Airteagal 119(1) den Dlí maidir le hUrrúis, ceanglaíodh ar VÚB, ina cháil mar eisitheoir, TT a sheoladh ar scaireanna uile liostaithe na scairshealbhóirí eile, eadhon iad siúd nár vótáil, ag an gcruinniú ginearálta sin, i bhfabhar an chinnidh chun na scaireanna lena mbaineann a dhíliostú nó nár ghlac páirt sa chruinniú ginearálta sin. Bhí TERVE mar chuid de na scairshealbhóirí eile.

17 Mar scairshealbhóir tromlaigh VÚB, chinn Intesa, i gcomhréir le hAirteagal 119(3) den Dlí maidir le hurrúis, an oibleagáid sin a ghlacadh go deonach agus sheol sé TT in ionad VÚB, an t-eisitheoir, á rá go mbeadh na comhaontuithe ceannaithe scaireanna arna dtabhairt i gcrích ar bhonn na tairisceana sin faoi réir dhlí na Slóvaice agus gurbh iad gnáthchúirteanna na Slóvaice na cúirteanna a mbeadh dlínse acu díospóidí a eascraíonn as an tairiscint sin agus as conarthaí arna dtabhairt i gcrích i ndáil léi a éisteacht.

18 Chinn Intesa an ceart chun cúngaigh éigeantaigh dá bhforáiltear in Airteagal 118i(1) de Dhlí maidir le hurrúis a fheidhmiú. An 19 Aibreán 2021, formheasadh le cruinniú ginearálta VÚB aistriú scaireanna na scairshealbhóirí a bhí fágtha ó VÚB go Intesa.

19 An 18 Lúnasa 2021, thug TERVE caingean os comhair Okresný súd Bratislava V (an Chúirt Dúiche, an Bhratasláiv V, an tSlóvaic) ag lorg cinneadh breithiúnach chun ionadú a dhéanamh ar neamhghlacadh Intesa leis an dréachtchonradh athcheannaigh le haghaidh scaireanna VÚB a bhí ag TERVE, ag brath ar Airteagal 7(1) agus Airteagal 25 de Rialachán Uimh. 1215/2012 chun údar a thabhairt le dlínse chúirteanna na Slóvaice.

20 Tar éis do Intesa pléadáil maidir le heaspa dlínse a ardú, rinne Okresný súd Bratislava V (an Chúirt Dúiche, an Bhratasláiv V), le hordú an 28 Feabhra 2022, na himeachtaí maidir leis an tsubstaint a fhoirceannadh tar éis di a dhearbhú nach raibh dlínse aici an díospóid sna príomhimeachtaí a éisteacht, ar an bhforas nach raibh conradh ann chun seirbhís a sholáthar idir na páirtithe lena mbaineann ná comhaontú lena dtugtar dlínse.

21 Rinne TERVE achomharc i gcoinne an ordaithe sin os comhair Krajský súd v Bratislave (an Chúirt Réigiúnach, an Bhratasláiv, an tSlóvaic). Le hordú an 26 Deireadh Fómhair 2023, chuir Krajský súd v Bratislave (an Chúirt Réigiúnach, an Bhratasláiv) an t-ordú a rinneadh ag an gcéad chéim ar neamhní ar bhonn, i gcomhréir le haithrisí 13 agus 16 de Rialachán Uimh. 1215/2012, an dlúthnaisc idir, ar thaobh amháin, an díospóid sna príomhimeachtaí agus, ar an taobh eile, dlí agus cúirteanna na Slóvaice, Intesa a bheith ina scairshealbhóir de chuideachta atá corpraithe faoi dhlí na Slóvaice, atá bunaithe sa tSlóvaic, clár na scaireanna a bheith sa Stát sin freisin, arb é oifig chláraithe Intesa an t-aon nasc le cúirteanna Lucsamburg.

22 Rinne Intesa achomharc i gcoinne ordú an 26 Deireadh Fómhair 2023 os comhair Najvyšší súd Slovenskej republiky (Cúirt Uachtarach Phoblacht na Slóvaice), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, ag maíomh, i gcomhréir leis an riail ghinearálta dlínse a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 1215/2012, nach raibh dlínse ach ag cúirteanna Lucsamburg.

23 De réir Intesa, ar an gcéad dul síos, níl feidhm ag Airteagal 7(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012 sa chás seo, ós rud é nach bhfuil aon ghaol conarthach idir na páirtithe sna príomhimeachtaí. I ndáil leis sin, níl an TT ábhartha, ós rud é nár thug TERVE freagra ar an tairiscint sin agus go ndeachaigh bailíocht na tairisceana sin in éag idir an dá linn. Ina dhiaidh sin, maidir le hAirteagal 7(2) den Rialachán sin, ní féidir a mheas go dtagann an díospóid sna príomhimeachtaí faoi raon feidhme dliteanais thortaigh, ós rud é go dtugtar le tuiscint leis an gcoincheap sin gurb ann do dhamáiste as a n-eascraíonn dliteanas sibhialta, nach bhfuil ann sa chás seo. Ar deireadh, níl Airteagal 24(2) agus (4) den Rialachán sin infheidhme ach oiread, ós rud é nach mbaineann an díospóid sna príomhimeachtaí le ceann de na hábhair a liostaítear go cuimsitheach san fhoráil dheireanach sin.

24 Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur nach féidir, le cásdlí na Cúirte Breithiúnais maidir le léiriú ar Airteagail 7 agus 24 de Rialachán Uimh. 1215/2012, na deacrachtaí a eascraíonn as saintréithe sonracha na díospóide sna príomhimeachtaí a réiteach. Is é cuspóir an cháis sna príomhimeachtaí, ar an gcéad dul síos, cinneadh breithiúnach a fháil lena n-ionadaítear neamhghlacadh Intesa leis an dréachtchonradh chun na scaireanna atá ag TERVE i gcaipiteal VÚB a athcheannach, tar éis do Intesa glacadh go deonach leis an oibleagáid TT a sheoladh, agus, ar an dara dul síos, an réamhcheist a ardú maidir le bailíocht an rúin ó chruinniú ginearálta VÚB lena bhformheastar aistriú na scaireanna uile atá fágtha.

25 Sna himthosca sin, chinn Najvyšší súd Slovenskej republiky (Cúirt Uachtarach Phoblacht na Slóvaice) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘(1) An bhfuil léiriú le déanamh ar Airteagal 7(1) de [Rialachán Uimh. 1215/2012] sa chaoi nach mór a mheas go bhfuil éileamh ar [ionadú a dhéanamh, le cinneadh breithiúnach, ar neamhghlacadh dréachtchonradh] ceannaithe scaireanna [an iarratasóra sna príomhimeachtaí mar iarratas] in “ábhair a bhaineann le conradh”?

(2) I gcás freagra diúltach ar an gcéad cheist, an bhfuil léiriú le déanamh ar Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 1215/2012 sa chaoi nach mór a mheas go bhfuil éileamh ar [ionadú a dhéanamh, le cinneadh breithiúnach, ar neamhghlacadh dréachtchonradh] ceannaithe scaireanna [an iarratasóra sna príomhimeachtaí mar iarratas] in “[ábhair] a bhaineann le tort, míghníomh nó samhail mhíghnímh”?

(3) An bhfuil léiriú le déanamh ar Airteagal 24(2) de Rialachán Uimh. 1215/2012 sa chaoi go bhfuil feidhm aige chomh maith maidir leis na príomhimeachtaí ina n-iarrann an t-iarratasóir [sna príomhimeachtaí] ar an gcúirt go machnódh sé mar réamh-shaincheist a chúis nach ann do, nó gur neamhbhailí, rún an chruinniú ghinearálta ar dá réir a thugtar toiliú d’aistriú na scaireanna de chuid scairshealbhóirí (lena n-áirítear na scaireanna de chuid an iarratasóra) chuig an gcosantóir?’

Na ceisteanna le haghaidh réamhrialú

Réamhbharúlacha

26 Ní mór a mheabhrú, a mhéid a rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 ón gComhairle an 22 Nollaig 2000 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (IO 2001 L 12, lch. 1) a aisghairm agus a ionadú le Rialachán Uimh. 1215/2012, a tháinig in ionad Choinbhinsiún an 27 Meán Fómhair 1968 maidir le dlínse agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (IO 1972 L 299, lch. 32), go bhfuil feidhm ag an léiriú a thug an Chúirt i ndáil le Rialachán Uimh. 44/2001 freisin maidir le Rialachán Uimh. 1215/2012, i gcás inar féidir a mheas go bhfuil forálacha na n-ionstraimí sin de dhlí an Aontais coibhéiseach. Is amhlaidh atá, go háirithe, le hAirteagal 5(1) de Rialachán Uimh. 44/2001 agus le hAirteagal 7(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012 (breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2023, *EXTÉRIA*, C-393/22, EU:C:2023:675, mír 23 agus an cásdlí dá dtagraítear).

27 Is amhlaidh atá freisin i gcás Airteagal 22(2) de Rialachán Uimh. 44/2001 agus Airteagal 24(2) de Rialachán Uimh. 1215/2012 (féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Bealtaine 2011, *BVG*, C-144/10, EU:C:2011:300, mír 30).

28 I gcomhréir le cásdlí socair, tá an córas coiteann lena dtugtar dlínse a leagtar síos i Rialachán Uimh. 1215/2012 bunaithe ar an riail ghinearálta, a leagtar amach in Airteagal 4(1) den Rialachán sin, go ndéanfar an dlí a agairt ar dhaoine a bhfuil sainchónaí orthu i mBallstát i gcúirteanna an Stáit sin, beag beann ar náisiúntacht na bpáirtithe. Is de mhaolú ar an riail ghinearálta amháin a bhfuil dlínse ag cúirteanna shainchónaí an chosantóra go leagtar síos le Rialachán Uimh. 1215/2012 rialacha speisialta agus eisiacha dlínse sna cásanna atá liostaithe go cuimsitheach ina bhféadfar nó nach mór, de réir mar is iomchuí, an cosantóir a agairt i gcúirt de

chuid Ballstáit eile (féach, chuige sin, breithiúnais an 14 Iúil 2016, *Granarolo*, C-196/15, EU:C:2016:559, mír 17 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 7 Márta 2018, *E.ON Czech Holding*, C-560/16, EU:C:2018:167, mír 26 agus an cásdlí dá dtagraítear).

29 Áirítear leis na rialacha dlínse speisialta sin Airteagal 7(1) de Rialachán Uimh. 1215/2015 in ábhair a bhaineann le conradh agus Airteagal 7(2) den Rialachán sin in ábhair a bhaineann le tort, míghníomh nó samhail mhíghnímh. Leagtar síos in Airteagal 24(2) den Rialachán sin riail maidir le dlínse eisiach in imeachtaí a bhaineann le bailíocht, neamhniú nó díscaoileadh cuideachtaí nó daoine dlítheanacha nó le bailíocht chinntí a n-orgán.

30 Ní mór na rialacha maidir le dlínse speisialta agus eisiach sin a léiriú go docht agus níor cheart go gceadófaí leo léiriú a théann níos faide ná na cásanna dá bhforáiltear go sainráite sa Rialachán sin ná sa chiall is leithne ná mar a cheanglaítear lena chuspóir (féach, chuige sin, breithiúnais an 14 Iúil 2016, *Granarolo*, C-196/15, EU:C:2016:559, mír 18 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 7 Márta 2018, *E.ON Czech Holding*, C-560/16, EU:C:2018:167, mír 27 agus an cásdlí dá dtagraítear).

31 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú go bhféachtar le Rialachán Uimh. 1215/2012 leis na rialacha maidir le coinbhleacht dlínse in ábhair shibhialta agus tráchtála a aontú trí bhíthin rialacha dlínse atá an-intuartha agus, ar an gcaoi sin, lena saothraítear cuspóir deimhneachta dlíthiúla arb é atá ann cosaint dhlíthiúil daoine atá bunaithe san Aontas Eorpach a neartú, trína chur ar chumas an iarratasóra an chúirt a bhféadfaidh sé caingean a thabhairt os a comhair a shainaithint go héasca agus trína chur ar chumas an chosantóra foráil a dhéanamh go réasúnach maidir leis an gcúirt a bhféadfar an dlí a agairt air os a comhair (féach, chuige sin, breithiúnais an 7 Márta 2018, *E.ON Czech Holding*, C-560/16, EU:C:2018:167, mír 28 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 28 Samhain 2024, *VariusSystems*, C-526/23, EU:C:2024:985, mír 15 agus an cásdlí dá dtagraítear).

32 Go sonrach, maidir leis na rialacha maidir le dlínse speisialta agus eisiach, amhail na rialacha a leagtar síos in Airteagal 7(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012 in ábhair a bhaineann le conradh nó iad siúd a leagtar síos in Airteagal 24(2) den Rialachán sin maidir le ceisteanna a bhaineann le cuideachtaí nó daoine dlítheanacha, ní mór a mheabhrú go léiríonn siad ábhar imní maidir le cóngaracht shubstainteach agus dhlíthiúil agus gurb é is cúis leo dlúthnasc a bheith ann idir an díospóid lena mbaineann agus an chúirt a n-iarrtar uirthi í a éisteacht (féach, chuige sin, breithiúnais an 7 Márta 2018, *E.ON Czech Holding*, C-560/16, EU:C:2018:167, mír 30 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 28 Samhain 2024, *VariusSystems*, C-526/23, EU:C:2024:985, mír 16 agus an cásdlí dá dtagraítear).

33 Is i bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo nach mór freagra a thabhairt ar na ceisteanna a tharchuirtear.

An chéad cheist agus an dara ceist

34 Lena céad cheist agus lena dara ceist, ar cheart iad a scrúdú le chéile, féachann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, lena fháil amach, tar éis an chinnidh chun scaireanna cuideachta a dhíliostú agus tar éis do scairshealbhóir tromlaigh na cuideachta sin TT a sheoladh ina dhiaidh sin in ionad na cuideachta sin, an dtagann iarraidh ó scairshealbhóir mionlaigh na cuideachta sin ionadú a dhéanamh, le cinneadh breithiúnach, ar neamhghlacadh an scairshealbhóra tromlaigh sin le dréachtchonradh ceannaigh le haghaidh na scaireanna atá ag an scairshealbhóir mionlaigh sin i

gcaipiteal na cuideachta sin faoin gcoincheap ‘ábhair a bhaineann le conradh’, de réir bhrí Airteagal 7(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012, nó, mar mhalairt ar sin, faoin gcoincheap ‘ábhair a bhaineann le tort, míghníomh nó samhail mhíghnímh’, de réir bhrí mhír 2 den Airteagal sin.

35 De réir fhoclaíocht Airteagal 7(1)(a) den Rialachán sin, féadfar an dlí a agairt ar dhuine ‘in ábhair a bhaineann le conradh, sna cúirteanna d’áit feidhmíochta na hoibleagáide atá i gceist’. Foráiltear le hAirteagal 7(2), in ábhair a bhaineann le tort, míghníomh nó samhail mhíghnímh, beidh dlínse ag ‘cúirteanna don áit inar tharla an teagmhas díobhálach, nó ina bhféadfaidh sé tarlú’.

36 Ar dtús, ní mór a mheabhrú nach mór na téarmaí ‘ábhair a bhaineann le conradh’ agus ‘ábhair a bhaineann le tort, míghníomh nó samhail mhíghnímh’, de réir bhrí Airteagal 7(1) agus (2) faoi seach de Rialachán Uimh. 1215/2012, a léiriú go neamhspleách, trí thagairt a dhéanamh go príomha do scéim agus do chuspóirí an Rialacháin sin, chun a chur i bhfeidhm aonfhoirmeach sna Ballstáit uile a áirithiú. Dá bhrí sin, ní féidir na coincheapa sin a thuiscint mar thagairt don aicmiú a thugtar leis an dlí náisiúnta is infheidhme don chaidreamh dlíthiúil atá i gceist os comhair na cúirte náisiúnta lena mbaineann (breithiúnas an 25 Márta 2021, *Obala i lučice*, C-307/19, EU:C:2021:236, mír 82 agus an cásdlí dá dtagraítear).

37 Thairis sin, tá na coincheapa sin comheisiach, ós rud é gur chinn an Chúirt go gcumhdaítear leis an gcoincheap ‘ábhair a bhaineann le tort, míghníomh nó samhail mhíghnímh’, de réir bhrí Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 1215/2012, aon éileamh lena bhféachtar le dliteanas cosantóra a shuíomh agus nach mbaineann le ‘hábhair a bhaineann le conradh’, de réir bhrí Airteagal 7(1)(a) den Rialachán sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Márta 2021, *Obala i lučice*, C-307/19, EU:C:2021:236, mír 83 agus an cásdlí dá dtagraítear). Ós rud é go gcinntear an coincheap ‘ábhair a bhaineann le tort, míghníomh nó samhail mhíghnímh’ trí réamhshocrú i ndáil leis an gcoincheap ‘ábhair a bhaineann le conradh’, is iomchuí tús a chur leis an scrúdú leis an gcoincheap deireanach sin.

38 Maidir leis an gcoincheap ‘ábhair a bhaineann le conradh’, de réir bhrí Airteagal 7(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012, chinn an Chúirt nach coinníoll chun an fhoráil sin a chur i bhfeidhm é conradh a thabhairt i gcrích (breithiúnas an 26 Márta 2020, *Primera Air Scandinavia*, C-215/18, EU:C:2020:235, mír 42 agus an cásdlí dá dtagraítear).

39 Cé nach gceanglaítear le hAirteagal 7(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012 conradh a thabhairt i gcrích, tá sainaithint oibleagáide riachtanach mar sin féin chun an conradh sin a chur i bhfeidhm, ós rud é go mbunaítear dlínse faoin bhforáil sin trí thagairt don áit ina gcomhlíontar an oibleagáid atá i gceist. Dá bhrí sin, ní féidir an coincheap ‘ábhair a bhaineann le conradh’, de réir bhrí na forála sin, a thuiscint mar thagairt do chás nach bhfuil aon oibleagáid arna glacadh ag páirtí amháin faoi shaoirse i leith páirtí eile (féach, chuige sin, breithiúnas an 26 Márta 2020, *Primera Air Scandinavia*, C-215/18, EU:C:2020:235, mír 43 agus an cásdlí dá dtagraítear).

40 Maidir le hoibleagáid den sórt sin arna glacadh faoi shaoirse ag páirtí amháin i leith an pháirtí eile a shainaithint, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí a mheas gur tháinig oibleagáid den sórt sin chun cinn go hintuigthe, go háirithe i gcás ina n-eascraíonn sé sin as gníomhartha aonchiallacha lena gcuirtear rún na bpáirtithe in iúl (breithiúnas an 25 Márta 2021, *Obala i lučice*, C-307/19, EU:C:2021:236, mír 87 agus an cásdlí dá dtagraítear).

41 Dá bhrí sin, le cur i bhfeidhm riail na dlínse speisialta a leagtar síos in ábhair a bhaineann le conradh in Airteagal 7(1)(a) de Rialachán Uimh. 1215/2012, glactar leis go bhfuil cinneadh oibleagáide dlíthiúla arna toiliú faoi shaoirse ag duine amháin i leith duine eile agus ar a bhfuil

caingean an iarratasóra bunaithe (breithiúnas an 8 Bealtaine 2019, *Kerr*, C-25/18, EU:C:2019:376, mír 25 agus an cásdlí dá dtagraítear), an riail dlínse sin bunaithe ar an gcúis chaingne seachas ar chéannacht na bpáirtithe (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2018, *Feniks*, C-337/17, EU:C:2018:805, mír 48 agus an cásdlí dá dtagraítear).

42 Dá bhrí sin, ní mór a mheas go dtagann oibleagáidí arb é is cuspóir dóibh suim airgid a íoc agus atá bunaithe ar na naisc idir comhlachas agus a chomhaltaí faoi 'ábhair a bhaineann le conradh', de réir bhrí Airteagal 7(1)(a) de Rialachán Uimh. 1215/2012, ar an bhforas go gcruthaíonn ballraíocht i gcomhlachas dlúthnaisc den chineál céanna leis na baill a bhunaíonn iad féin idir na páirtithe i gconradh (féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Bealtaine 2019, *Kerr*, C-25/18, EU:C:2019:376, mír 26 agus an cásdlí dá dtagraítear).

43 Tá feidhm ag an aicmiú conarthach freisin maidir leis na naisc idir scairshealbhóirí cuideachta, a mhéid atá na naisc sin inchomparáide leis na naisc idir na páirtithe i gconradh. Léiríonn foirmiú cuideachta go bhfuil leasanna coiteanna ann idir na scairshealbhóirí agus cuspóir coiteann á shaothrú acu. Trí theacht chun bheith ina scairshealbhóir i gcuideachta agus fanacht ann, tugann an scairshealbhóir a thoiliú chun na forálacha go léir a leagtar amach in airteagail chomhlachais na cuideachta agus na cinntí arna nglacadh ag orgáin na cuideachta a chomhlíonadh, i gcomhréir le forálacha an dlí náisiúnta is infheidhme agus na n-airteagal comhlachais (féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Bealtaine 1992, *Powell Duffryn*, C-214/89, EU:C:1992:115, míreanna 16 agus 19).

44 Thairis sin, shonraigh an Chúirt, fiú má cheanglaítear rannpháirtíocht i gcomhúinéireacht leis an dlí, gurb amhlaidh fós go rialaítear na sonraí maidir le socrúcháin rialú na n-áiteanna coiteanna den fhoirgneamh lena mbaineann, i gcás inarb iomchuí, le conradh agus go ndéantar an chomhúinéireacht sin trí fháil chomhpháirteach dheonach ceapaí agus scaireanna comhúinéireachta sna háiteanna coiteanna sin, agus mar thoradh air sin nach mór oibleagáid na gcomhúinéirí i leith na comhúinéireachta a mheas mar oibleagáid dhlíthiúil arna toiliú faoi shaoirse (féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Bealtaine 2019, *Kerr*, C-25/18, EU:C:2019:376, mír 27).

45 Is i bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo nach mór a chinneadh an dtagann an iarraidh ar ionadú a dhéanamh atá i gceist sna príomhimeachtaí faoin gcoincheap 'ábhair a bhaineann le conradh' de réir bhrí Airteagal 7(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012.

46 Sa chás seo, is léir ón gcomhad atá os comhair na Cúirte, tar éis chinneadh chruinniú ginearálta VÚB chun na scaireanna a dhíliostú ar an stocmhalartán, gur ghlac Intesa leis faoi shaoirse, in ionad VÚB, i gcomhréir le hAirteagal 119(3) den Dlí maidir le hurrúis, an oibleagáid TT a sheoladh.

47 Tá sé beartaithe leis an oibleagáid sin, ar oibleagáid de chineál dlíthiúil í agus lena ngabhann, i gcás inarb iomchuí, ceart chun cúngaigh nó ceannaigh éigeantaigh na scaireanna atá fágtha, scairshealbhóirí mionlaigh a chosaint i gcás ina gcinntear na scaireanna a dhíliostú agus ceanglaítear í, i bprionsabal, ar eisitheoir na scaireanna, sa chás seo VÚB.

48 Mar a thugann an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 42 dá Thuairim, ós rud é gur de bhunús dlíthiúil í an oibleagáid TT a sheoladh i gcás ina ndéantar na scaireanna a dhíliostú, i gcás inarb iomchuí, i ndiadh cearta chun cúngaigh nó ceannaigh éigeantaigh na scaireanna atá fágtha, ní hionann sin agus amhras a chaitheamh ar aicmiú oibleagáide a thagann faoi raon feidhme na n-ábhar a bhaineann le conradh, de réir bhrí Airteagal 7(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012. Mar

is léir ón gcásdlí a luaitear i míreanna 43 agus 44 den bhreithiúnas 44 seo, féadfar aicmiú den sórt sin a chur i bhfeidhm freisin maidir le hoibleagáidí arna mbunú le dlí, i gcás inar thoiligh an duine lena mbaineann leis an gcoinníoll as a dtagann na hoibleagáidí sin.

49 Dá bhrí sin, trí ghlacadh go deonach leis an oibleagáid an TT a sheoladh in ionad an eisitheora, VÚB, chuir Intesa in iúl go soiléir go raibh sé ar intinn aige glacadh leis an oibleagáid na scairshealbhóirí atá fágtha a chosaint agus chruthaigh an gealltanas sin naisc idir Intesa agus na scairshealbhóirí sin den chineál céanna leo siúd atá ann idir na scairshealbhóirí sin agus VÚB. Dá bhrí sin, ní mór oibleagáidí Intesa a aicmiú mar 'ábhair a bhaineann le conradh' de réir bhrí Airteagal 7(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012.

50 Is i gcomhthéacs na n-oibleagáidí sin a d'fheidhmigh Intesa an ceart chun cúngaigh éigeantaigh, de réir bhrí Airteagal 118i den Dlí maidir le hurrúis, agus a bheartaíonn sí a ceart chun cúngaigh éigeantaigh ar na scaireanna eile dá bhforáiltear in Airteagal 118j den Dlí sin a fheidhmiú.

51 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach n-athraítear cúis na hiarrata sin toisc nár dheonaigh Intesa, tar éis dó TT a sheoladh go deonach agus tar éis dó an ceart chun cúngaigh éigeantaigh a fheidhmiú, an iarraidh ar scaireanna TERVE a athcheannach de bhun Airteagal 118j den Dlí maidir le hurrúis agus nach gciallaíonn sé, dá bhrí sin, nach ábhar a bhaineann le conradh é a thuilleadh, gan beann ar ábharthacht an fhorais le diúltú.

52 Dá bhrí sin, tá éileamh TERVE, lena bhféachtar le hionadú a dhéanamh, le cinneadh breithiúnach, ar neamhghlacadh Intesa le dréachtchonradh ceannaigh scaireanna, bunaithe ar chearta a eascraíonn as oibleagáidí a ghlac Intesa air féin faoi shaoirse tráth na TT a sheol sé agus, dá bhrí sin, tagann sé faoi raon feidhme 'ábhair a bhaineann le conradh', de réir bhrí Airteagal 7(1)(a) de Rialachán Uimh. 1215/2012, lena n-eisiatar cur i bhfeidhm mhír 2 den fhoráil sin. Dá réir sin, féadfaidh cúirteanna na Slóvaice, mar chúirteanna na háite ina gcomhlíontar an oibleagáid atá i gceist, a ndlínse a dhíorthú ó mhír 1(a).

53 Tá an chonclúid sin comhsheasmhach leis na cuspóirí maidir le hintuarthacht, deimhneacht dhlíthiúil, cóngaracht idir na cúirteanna ainmnithe agus an díospóid agus dea-riarachán an cheartais a shaothraítear le Rialachán Uimh. 1215/2012, mar a leagtar amach in aithrisí 15 agus 16 den Rialachán sin agus a mheabhraítear i mír 31 den bhreithiúnas seo.

54 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i mír 41 dá Thuairim, bheadh sé contrártha le cuspóir na hintuarthachta dá bhféadfaí dlíthíocht a bhaineann le ceart scairshealbhóirí mionlaigh chun a bheith in ann a scaireanna a dhiúscairt i gcás cinneadh ón eisitheoir deireadh a chur le liostú na scaireanna sin a thabhairt os comhair cúirteanna éagsúla, ag brath ar chinneadh an scairshealbhóra tromlaigh TT a sheoladh in ionad an eisitheora.

55 Ina theannta sin, ní mór a mheas go bhfuil ainmniú chúirteanna na Slóvaice go hiomlán comhsheasmhach leis an gcuspóir maidir le cóngaracht shubstainteach agus dhlíthiúil a shaothraítear le Rialachán Uimh. 1215/2012, ós rud é go mbaineann an díospóid le caingean arna tabhairt ag scairshealbhóir mionlaigh Slóvacach de chuideachta atá corpraithe faoi dhlí na Slóvaice arna bunú sa tSlóvaic i gcoinne scairshealbhóir tromlaigh na cuideachta sin tar éis TT na scaireanna a liostaíodh roimhe sin sa tSlóvaic.

56 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, is é an freagra ar an gcéad cheist agus ar an dara ceist nach mór Airteagal 7(1) agus (2) de Rialachán Uimh. 1215/2012 a léiriú sa chaoi, i ndiaidh an chinnidh chun scaireanna cuideachta a dhíliostú agus TT a sheoladh ag scairshealbhóir tromlaigh na

cuideachta sin in ionad na cuideachta sin, go dtagann an iarraidh ó scairshealbhóir mionlaigh na cuideachta sin chun ionadú a dhéanamh, le cinneadh breithiúnach, ar neamhghlacadh an scairshealbhóra tromlaigh sin le dréachtchonradh ceannaigh na scaireanna atá ag an scairshealbhóir mionlaigh sin i scairchaipiteal na cuideachta sin faoin gcoincheap 'in ábhair a bhaineann le conradh' de réir bhrí Airteagal 7(1) den Rialachán sin.

An tríú ceist

57 Lena tríú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaithfear Airteagal 24(2) de Rialachán Uimh. 1215/2012 a léiriú sa chaoi, i ndiaidh an chinnidh chun scaireanna cuideachta a dhíliostú agus seoladh TT i ndiaidh sin ag scairshealbhóir tromlaigh na cuideachta sin in ionad na cuideachta sin, go dtagann éileamh a bhfuil sé mar aidhm aige agóid a dhéanamh i gcoinne bailíocht rúin ó chomhthionól ginearálta na cuideachta sin lenar formheasadh aistriú scaireanna athmhianaithe na cuideachta sin chuig an scairshealbhóir tromlaigh faoi raon feidhme na forála sin, i gcás ina bhfuil an t-éileamh sin ina réamhéileamh ar an éileamh chun ionadú a dhéanamh, le cinneadh breithiúnach, ar neamhghlacadh an scairshealbhóra tromlaigh sin le dréachtchonradh ceannaigh scaireanna atá ag scairshealbhóir mionlaigh i gcaipiteal na cuideachta sin.

58 Maidir le hAirteagal 24(2) de Rialachán Uimh. 1215/2012, chinn an Chúirt nach mór an fhoráil sin a léiriú sa chaoi nach gcumhdaítear lena raon feidhme ach díospóidí ina ndéanann páirtí agóid i gcoinne bailíocht cinnidh ó orgán cuideachta i bhfianaise dhlí na gcuideachtaí is infheidhme nó fhorálacha a reachtanna maidir le feidhmiú a orgán (breithiúnas an 23 Deireadh Fómhair 2014, *flyLAL-Lithuanian Airlines*, C-302/13, EU:C:2014:2319, mír 40 agus an cásdlí dá dtagraítear).

59 Trí fhoráil a dhéanamh maidir le dlínse eisiach chúirteanna an Bhallstáit ina bhfuil suíomh cuideachta, saothraítear le hAirteagal 24(2) de Rialachán Uimh. 1215/2012 an cuspóir bunúsach maidir le dlínse a lárú chun cinntí contrártha maidir le cuideachtaí a bheith ann agus bailíocht chinntí a n-orgán a sheachaint (breithiúnas an 7 Márta 2018, *E.ON Czech Holding*, C-560/16, EU:C:2018:167, mír 31 agus an cásdlí dá dtagraítear).

60 Is cosúil gurb iad cúirteanna an Bhallstáit ina bhfuil suíomh na cuideachta lena mbaineann is fearr atá in ann díospóidí den sórt sin a réiteach, go háirithe toisc gur sa Stát sin go dtabharfar fógra faoi fhaisnéis na cuideachta sin. Dá bhrí sin, tugtar dlínse eisiach den sórt sin do na cúirteanna sin ar mhaithe le dea-riarachán an cheartais (breithiúnas an 7 Márta 2018, *E.ON Czech Holding*, C-560/16, EU:C:2018:167, mír 32 agus an cásdlí dá dtagraítear).

61 Mar sin féin, ní féidir a thuiscint ó na prionsabail a mheabhraítear sna míreanna roimhe seo den bhreithiúnas seo gur leor, chun go mbeidh feidhm ag Airteagal 24(2) de Rialachán Uimh. 1215/2012, go bhfuil aon bhaint ag imeachtaí dlíthiúla le cinneadh arna ghlacadh ag orgán cuideachta (féach, chuige sin, breithiúnas an 7 Márta 2018, *E.ON Czech Holding*, C-560/16, EU:C:2018:167, mír 33 agus an cásdlí dá dtagraítear).

62 Dá dtiocfadh gach díospóid a bhaineann le cinneadh ó orgán cuideachta faoi raon feidhme Airteagal 24(2) de Rialachán Uimh. 1215/2012, chiallódh sé sin go dtiocfadh na caingní dlí, cibé acu in ábhair a bhaineann le conradh, nó tort nó míghníomh, nó aon ábhar eile, arna dtionscnamh i gcoinne cuideachta beagnach i gcónaí faoi dhlínse chúirteanna an Bhallstáit ina bhfuil suíomh na cuideachta sin, agus mar thoradh air sin go leathnófaí raon feidhme na forála

sin thar an méid a cheanglaítear lena cuspóir, mar a mheabhraítear i míreanna 59 agus 60 den bhreithiúnas seo (féach, chuige sin, breithiúnas an 2 Deireadh Fómhair 2008, *Hassett agus Doherty*, C-372/07, EU:C:2008:534, míreanna 23 agus 25).

63 Dá bhrí sin, is leor brath, mar réamhcheist, ar neamhbhailíocht líomhnaithe chinntí na gcomhlachtaí sin as ar eascair tabhairt i gcrích conartha nó comhlíonadh gnímh a líomhnaítear a bheith díobhálach, chun dlínse eisiach a thabhairt go haontaobhach don chúirt ina bhfuil suíomh na cuideachta (féach breithiúnas an 12 Bealtaine 2011, *BVG*, C-144/10, EU:C:2011:300, mír 34).

64 Ní bhainfí amach cuspóir na hintuarthachta dá dtagraítear i mír 31 den bhreithiúnas seo dá bhféadfadh infheidhmeacht rialach dlínse atá bunaithe ar chineál na díospóide a athrú ag brath ar réamhcheist a bheith ann, a d'fhéadfadh ceann de na páirtithe a ardú tráth ar bith, ar an bhforas go n-athrófaí cineál na díospóide (féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Bealtaine 2011, *BVG*, C-144/10, EU:C:2011:300, mír 35).

65 Dá bhrí sin, ní mór Airteagal 24(2) de Rialachán Uimh. 1215/2012 a léiriú sa chaoi nach gcumhdaítear lena raon feidhme ach díospóidí ina ndéanann páirtí agóid i gcoinne bailíocht cinnidh ó orgán cuideachta i bhfianaise dhlí na gcuideachtaí is infheidhme nó fhorálacha a reachtanna maidir le feidhmiú a orgáin (féach, chuige sin, breithiúnas an 2 Deireadh Fómhair 2008, *Hassett agus Doherty*, C-372/07, EU:C:2008:534, mír 26).

66 Sa chás seo, cé go mbaineann an díospóid sna príomhimeachtaí le hiarraidh ionadú a dhéanamh, le cinneadh breithiúnach, ar neamhghlacadh an scairshealbhóra tromlaigh le dréachtchonradh ceannaigh le haghaidh na scaireanna atá fágtha, is amhlaidh fós, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i mír 56 dá Thuairim agus mar a léirítear leis an réamhiarraidh a rinne TERVE, go mbraitheann toradh na díospóide sin go díreach ar an gceist maidir le bailíocht rún an chruinnithe ghinearálta inar cinneadh na scaireanna atá fágtha a aistriú, lena n-áirítear scaireanna TERVE, agus mar thoradh air sin go bhfuil an cheist sin, i ndáiríre, i gcroílár na díospóide. Más rud é nach mór a mheas go bhfuil an rún sin ón gcruinniú ginearálta infheidhme, chaithfí amhras ar aistriú scaireanna TERVE chuig Intesa, agus mar thoradh air sin go bhféadfadh le TERVE a stádas mar scairshealbhóir mionlaigh a choimeád agus go bhfhéadfadh sé, i gcás inarb iomchuí, a cheart chun ceannaigh éigeantaigh na scaireanna atá fágtha a dhearbhú.

67 Dá bhrí sin, d'fhéadfadh iarratas amhail réamhiarraidh TERVE, a bhfuil sé mar aidhm aige agóid a dhéanamh i gcoinne bhailíocht an rúin ó chruinniú ginearálta VÚB lena bhformheastar aistriú na scaireanna atá fágtha ó VÚB go Intesa, teacht faoi raon feidhme Airteagal 24(2) de Rialachán Uimh. 1215/2012.

68 Thairis sin, tá léiriú den sórt sin ar Airteagal 24(2) de Rialachán Uimh. 1215/2012 comhsheasmhach leis an gcuspóir bunúsach a shaothraítear leis an bhforáil sin, mar a mheabhraítear i míreanna 59 agus 60 agus den bhreithiúnas seo. Is léir go bhfuil dlúthnasc idir cúirteanna an Bhallstáit ina bhfuil an chuideachta lena mbaineann bunaithe, sa chás seo cúirteanna na Slóvaice, agus an díospóid sna príomhimeachtaí, ós rud é gur cuideachta í an chuideachta sin atá faoi rialú dhlí na Slóvaice arna bhunú sa tSlóvaic, go ndearnadh rún chruinniú ginearálta na cuideachta sin a rinne aistriú na scaireanna agus na gníomhartha agus na foirmiúlachtaí a bhaineann leis an aistriú sin i gcomhréir le dlí na Slóvaice, arb é, thairis sin, an dlí substainteach is infheidhme maidir leis an díospóid sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 7 Márta 2018, *E.ON Czech Holding*, C-560/16, EU:C:2018:167, míreanna 40 agus 41).

69 I bhfianaise an dlúthnaisc idir an díospóid sna príomhimeachtaí agus cúirteanna na Slóvaice, is iad na cúirteanna sin is fearr atá in ann an díospóid sin a éisteacht maidir le bailíocht chinneadh an chruinnithe ghinearálta lenar bunaíodh aistriú scaireanna na scairshealbhóirí mionlaigh agus gur dócha go n-éascófar dea-riarachán an cheartais trí dhlínse den sórt sin a shannadh.

70 Tá sannadh dlínse do chúirteanna na Slóvaice comhsheasmhach freisin leis na cuspóirí maidir le hintuarthacht na rialacha dlínse agus na deimhneachta dlíthiúla a shaothraítear le Rialachán Uimh. 1215/2012, ós rud é gur cheart do scairshealbhóir tromlaigh na cuideachta lena mbaineann a bheith ag súil go réasúnta go mbeadh dlínse ag cúirteanna an Bhallstáit ina bhfuil an chuideachta sin bunaithe chun díospóid a réiteach laistigh den chuideachta sin a bhaineann le bailíocht cinnidh ó orgán de chuid na cuideachta sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 7 Márta 2018, *E.ON Czech Holding*, C-560/16, EU:C:2018:167, mír 43).

71 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an tríú ceist ná nach mór Airteagal 24(2) de Rialachán Uimh. 1215/2012 a léiriú sa chaoi, i ndiaidh an chinnidh chun scaireanna cuideachta a dhíliostú agus seoladh TT i ndiaidh sin ag scairshealbhóir tromlaigh na cuideachta sin in ionad na cuideachta sin, go dtagann éileamh a bhfuil sé mar aidhm aige agóid a dhéanamh i gcoinne bailíocht rúin ó chomhthionól ginearálta na cuideachta sin lenar formheasadh aistriú scaireanna na cuideachta sin atá fágtha chuig an scairshealbhóir tromlaigh faoi raon feidhme na forála sin, i gcás ina bhfuil an t-éileamh sin ina réamhéileamh ar an éileamh chun ionadú a dhéanamh, le cinneadh breithiúnach, ar neamhghlacadh an scairshealbhóra tromlaigh sin le dréachtchonradh ceannaigh scaireanna atá ag scairshealbhóir mionlaigh i gcaipiteal na cuideachta sin.

Costais

72 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Chéad Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Maidir le hAirteagal 7(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   tar éis an chinnidh chun scaireanna cuideachta a dhíliostú agus tar éis do scairshealbhóir tromlaigh na cuideachta sin tairiscint táthcheangail (TT) a sheoladh ina dhiaidh sin in ionad na cuideachta sin, an dtagann iarraidh ó scairshealbhóir mionlaigh na cuideachta sin ionadú a dhéanamh, le cinneadh bhreithiúnach, ar neamhghlacadh an scairshealbhóra tromlaigh sin le dréachtchonradh ceannaigh le haghaidh na scaireanna atá ag an scairshealbhóir mionlaigh sin i gcaipiteal na cuideachta sin faoin gcoincheap 'ábhair a bhaineann le conradh', de réir bhrí Airteagal 7(1) den Rialachán sin.

2. **Maidir le hAirteagal 24(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012,**

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

tar éis an chinnidh chun scaireanna cuideachta a dhíliostú agus seoladh tairisceana táthcheangail (TT) i ndiaidh sin ag scairshealbhóir tromlaigh na cuideachta sin in ionad na cuideachta sin, go dtagann éileamh a bhfuil sé mar aidhm aige agóid a dhéanamh i gcoinne bailíocht rúin ó chomhthionól ginearálta na cuideachta sin lenar formheasadh aistriú scaireanna na cuideachta sin atá fágtha chuig an scairshealbhóir tromlaigh faoi raon feidhme na forála sin, i gcás ina bhfuil an t-éileamh sin ina réamhéileamh ar an éileamh chun ionadú a dhéanamh, le cinneadh breithiúnach, ar neamhghlacadh an scairshealbhóra tromlaigh sin le dréachtchonradh ceannaigh scaireanna atá ag scairshealbhóir mionlaigh i gcaipiteal na cuideachta sin.

[Sínithe]